

# Polasaí do Riachtanais Oideachaisiúla Speisialta

## Ráiteas Tosaigh

Cuireadh an polasaí le chéile ar an 26ú lá de Bhealtaine, 2009 agus bhí an foireann go leir pairteach ann. Rinneadh an foireann scoile athbhreathnú ar an bpolasaí sin ar 26ú lá de Mhí na Samhna 2012.

## Muinteoiri Tacaíocht Foghlamtha/Acmhainne

Tá múinteoir tacaíocht foghlamtha bunaithe sa Ghaelscoil le 15 uair a chloig sa tseachtain. Tá an múinteoir sin roinnte le Scoil Naisiúnta Dreeny le 10 uair a chloig ann. Tá múinteoir acmhainne bunaithe sa Ghaelscoil don scoilbhliaina 2012-2013 chomh maith ar feadh 15 uaireanta agus roinnte le Scoil Naisiúnta Cathrach le 6.8 uair a chloig.

## Réasúnaíocht don pholasaí

Cuireadh polasaí um riachtanais speisialta le chéile ag an am seo-

- *Chun freastal ar leanaí atá ag clárú sa scoil le riachtanais speisialta. Chun cuidiú le tuismitheoirí cinneadh eolasach a dhéanamh maidir lena leanbh a chlárú sa scoil seo againne*
- *Chun reachtaíocht agus ciorcláin na roinne a chomhlíonadh 7rl*
- *Chun structúr a chur ar an freastal um riachtais speisialta sa scoil*

*B'fhiú machnamh a dhéanamh ar na sliochtanna seo a leanas nuair atá an polasaí seo á chur le chéile id scoilse:*

*Deanann An tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004 sainmhíniú ar riachtanais oideachasúla speisialta mar seo leanas: "a restriction in capacity to participate in and benefit from education due to an enduring physical, sensory, mental health or learning disability, or any other condition which results in a person learning differently from a person without that condition and cognate words shall be construed accordingly" (EPSEN 2004)*

*Insna Treoirlínte le hAghaidh Tacaíochta Foghlama It. 14 luaitear daltaí a fhágann "an t-oideachas foirmiúil gan ach an-bheagán bainte amach acu" agus "gan na scileanna litearthachta, uimhearthachta bunúsacha acu."*

## Gaol le hÉiteas Sáiniúil na scoile

Bíodh an polasaí i gcomhthéacs fealsúnacht agus éiteas na scoile mar is cuí, msh.

- *Is mian le Gaelscoil Dochtuir Uí Shuilleabain oideachas cuí a chur ar fáil do chuile pháiste sa scoil*
- *Is fearrde pobal na scoile gach uile leanbh sa scoil.*

## Aidhmeanna:

Ta sé i gceist ag an scoil a bhaint amach go hidéalach de bharr an polasaí seo a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm

- *Chun a chur ar chumas leanaí le cumais foghlama éagsúla tairbhe agus leas a bhaint as oideachas cuí*
- *Ár gcur chuige scoile iomláine a leagan amach i leith an teagaisc/na foghlama maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu*
- *Chun nósanna imeachta i leith clarú leanaí le riachtanais speisialta a leagadh amach*
- *Chun cuidiú le tuismitheoirí cinneadh eolasach a dhéanamh maidir lena leanbh a chlárú sa scoil seo againne*
- *A chur ar chumas daltaí atá faoi mhíchumas eispéireas oideachais chomh hiomlán agus is féidir a roinnt lena gcuid piaraí*
- *Chun struchtúir chumarsáide a bhunú d'fhonn tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a thabhairt san áireamh*

## Leagan Amach an Pholasaí

Cuirfear an polasaí seo le cheile faoi na cinnteidil seo a leanas:

- 1.0 Clárú leanaí le riachtanais oideachais speisialta aitheanta
- 2.0 Freastal ar leanaí le riachtanais oideachais speisialta a nochtar tar éis am chláraithe
  - 2.1 Céim 1: An cur chuige céimiúil maidir le Measúnacht, le Sainaitheint agus le Clárphleanáil maidir le riachtanais oideachais speisialta leanaí áirithe
  - 2.2 Céim 2: An cur chuige má cheaptar go bhfuil sé riachtanach idirghabháil a dhéanamh ag céim II, ba chóir an dalta a chur, le cead an tuismitheora, chuig an oide acmhainne nó chuig an oide um thacaíocht foghlamtha le haghaidh tástála fáthmheasa sa bhreis
  - 2.3 Céim 3: An cur chuige maidir le roinnt daltaí a bhfuil riachtanais foghlamtha suntasacha orthu fós - má bhíonn idirghabháil níos treise ag teastáil uathu ag céim III
- 3.0 Dréachtú agus Cur i bhFeidhm an Plean Oideachais
- 4.0 Uilechuimsitheacht
- 5.0 Dáileadh na Fóirne
- 6.0 Comhoibriú agus Cumarsáid
- 7.0 Acmhainní
- 8.0 Aistriú Leanáí ó Scoil Amháin go Scoil Eile pé acu é Meánscoil nó Bunscoil
- 9.0 Coimead Cúntas
- 10.0 Polasaithe a mbeadh baint acu leis an bPolasaí seo msh. An Cód Iompair, Frith Bhulaíocht, Measúnú ...

## **1.0 Clárú leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta (Déan tagairt don pholasáí clárúcháin)**

Beidh ar an mBord a chur san aireamh na saincheisteanna a leanas maidir le clárú leanaí le riachtanais speisialta.

An tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004

(2) Cuirfear oideachas ar leanbh le riachtanais oideachasúla speisialta i dtimpeallacht uilechuimsitheach le leanaí nach bhfuil na riachtanais sin acu, ach amháin mura dtéann nádúr nó leibhéal riachtanais an linbh sin le

- (a) leas is fearr an linbh mar a chinntítear é de réir aon mheasúnachta a dhéantar faoin Acht seo, nó
- (b) foráil éifeachtúil oideachais do na leanaí lena bhfuil an leanbh chun oideachas a fháil.

An tAcht Oideachais 1998

15. (2) d. Foilseoidh sé (an Bord), ..... beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le .... ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí.

- D'fhéadfadh an scoil faisnéis a bhailiú faoi leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta ar mian leis/léi clárú sa scoil tré mhéan
  - Cruinniú idir tuismitheoirí/príomhoide/múinteoir ranga
  - Cóipeanna de thuairiscí, de mheasúnuithe 7rl. a lorg ó SENO, tuismitheoirí .....
  - Teangmháil le SENO, Siceolaí NEPS nó eile siceolaí/teiripí urlabhra/teiripí saothair/gníomhaíochta, cáipéis ó Eagras eile m. sh. Brothers of Charity.
- Dhéanfaidh an scoil cinneadh maidir le tacaíocht don leanbh ag Céim 1, Céim 2 nó Céim 3 den Chur Chuige Céimiúil. (Imlitir 02/05)
- D'fhéadfadh an scoil áisitheoireacht éifeachtach a dhéanamh ar theacht an linbh chun na scoile & ar an tslí a thacóidh an scoil le foghlaim an linbh ó am an chlárúcháin. M.sh.
  - Cuairteanna na dtuismitheoirí ar an scoil
  - Cuairteanna an linbh ar an scoil
  - Cuairteanna baill na fóirne ar scoileanna speisialta/aonaid speisialta
  - Pobal na scoile idir leanaí & baill na fóirne a chur ar an eolas faoi uile chuimsitheacht
  - Caidreamh leis an SENO chun foireann bhreise, acmhainní, oiliúint &rl a eagrú

- Scéim "Cháirde" a bhunú chun tacaíocht ar leith a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta
- Eile
- Bíonn saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ag eascairt as easpa luaineachta an linbh agus impleachtaí maidir le aire. Is féidir linn iad a aithint agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu. e.g. teacht ag an bpaiste ar an seomra ranga, halla, scoil, clós, leithris &rl cúrsaí feitheoireachta, riaradh leigheasra, cúrsa don Cuntóir Riachtanais Speisialta, teicnící chun an leanbh a ardú 7rl.

## 2.0 Freastal ar leanaí le riachtanais oideachais speisialta a nochtar tar éis am chláraithe

### 2.1 Céim 1:

An Cur Chuige céimiúil maidir le Measúnacht, le Sainithint agus le Clárphleanail do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

- Is iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cuidiú le múinteoirí leanaí a d'fhéadfadh riachtanais speisialta oideachais a bheith acu a aithint/a scagadh ná breathnú múinteora trí úsáid a bhaint as seicliostaí simplí ( MIST, próifíliú naíonán, tástálacha caighdeánaithe.)
- Coimeádtar cuntas ar na dúshláin i bhfillteain na bpaisti eagsula, ata coimeadta faoi ghlas in oifig na scoile.
- S'iad na tástálaithe scagaidh a úsáidtear sa scoil na MIST, agus na triaileacha SIGMA T agus MICRA T. Deantar scagadh ar litearthacht agus uimhearthacht.
- Beidh an muinteoir tacaíocht foglamtha le fail chun cabhair a thabhairt don mhuinteoir ranga nuair ata na scrudaithe ata luaite thuas a dheanamh.
- Beidh tuismitheoiri, an priomhoide, muinteoiri riachtanais speisialta mar aon leis an muinteoir ranga pairteach sa chinneadh sin.

### 2.2

#### Céim 2

Má cheaptar gur riachtanach é idirghabháil a dhéanamh ag céim II, ba chóir an dalta a chur, le cead an tuismitheora, chuig an oide acmhainne nó chuig an oide um thacaíocht foghlamtha le haghaidh tástála fáthmheasa sa bhreis.

**Céim 2. Freastal ar Mhúinteoir Tacaíochta Riachtanais Speisialta** (Treoirlínte ROE Tacaíocht Foghlama It 57)

- Is iad na factóirí a churfear san áireamh agus riachtanais páiste ar mhúinteoireacht breise a chinntiú, ná na torthaí measúnaithe, moltaí mhúinteora, buairt tuismitheora agus teacht ar acmhainní.
- Lorgaíonn an muinteoir ranga agus an muinteoir feabhas le cheile **cead tuismitheora scríofa** le h-aghaidh breis tástáil diagnóiseacha ag an dTacaíocht Foghlamtha.
- Is féidir deighleáil le h-íogaireacht tuismitheoirí tri luath-theagmháil le tuismitheoir chun míniú a thabhairt ar conas is féidir leis an dtacaíocht foghlamtha feastal ar riachtanais fhoghlamtha a p(h)áiste.

- Ta foirm chead caighdeánach in úsáid sa scoil. Ta rannóg inti chun diúltiú seirbhíse a léiriú agus déantar taifead ar dhiúltiú agus coimeadtar sa chomhad iad.
- Is iad na tástálacha diagnóiseacha ata in úsáid sa scoil na Neale Analysis of Learning Ability agus Aston Index. Cuireann an muinteoir tacaíocht foghlama na tástálacha ar na páistí agus déanann se/si léirthuisicint orthu.
- Eagraítear múinteoireacht breise idir an muinteoir ranga agus an muinteoir tacaíocht foghlamtha. Is féidir grúpáil a dhéanamh ar pháistí le chomh-riachtanais.
- Ullmhú Plean Foghlamtha Próifíleach Aonair
  - Beidh freagairt ag na daoine seo a leanas d'ullmhú PFFPA an pháiste -Príomhoide, Múinteoir Oideachais Speisialta, tuismitheoirí, daltaí.
  - Déantar áisiú ar a rannpháirtíocht trí chruinniú chun an PFFPA a ullmhu.
  - Is féidir pleananna foghlamtha a ullmhú do ghrúpaí más cuí.
- Beidh dha théarma teagaisc ann do Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta sa bhliain scoile, se sin o thus na bliana go dti leath-thearma an Feabhra don chead cheann, agus as sin amach go dti deireadh na bliana don dara cheann.
- Déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn an dalta go neamh-fhoirmiúil ag deireadh gach coicis, bunaithe ar an plean coicise, agus go foirmiúil ag deireadh an tearma teagaisc bunaithe ar an meid oibre ata deanta i rith an tearma teagaisc. Beidh an muinteoir tacaíocht foghlamtha agus an muinteoir ranga rannpháirteach ann.
- Is iad na nósanna imeachta do mhúinteoireacht breise a laghdú nó críoch a chur leis ná
  - a)teangmhail idir na muinteoiri ata rannphairteach agus an príomhoide
  - b)teangmhail idir na daoine luaithe thuas agus na tuismitheoiri.
  - c) Beidh gá é seo a thaifead.

### 2.3 Céim 3.

Roinnt daltaí a bhfuil riachtanais foghlamtha suntasacha uathu fós, beidh idirghabháil níos treise ag teastáil uathu ag céim III .

#### **Céim 3: Comhairliúcháin nó chur ar aghaidh chuig Eolaí Speisialta Sheachtrach do Mheasúnú**

- Is iad na nósanna imeachta atá ann do rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa chinneadh chun iarratas a dhéanamh ar mheasúnú a bheith déanta ag speisialtóir seachtrach na cruinniú a eagrú idir na tuismitheoiri, an príomhoide, an muinteoir ranga agus an muinteoir tacaíocht foghlamtha chun leiriú do na tuismitheoiri cad ta i gceist, agus chun na foirmeacha oiriúnacha a thaispeaint doibh agus a lionadh amach.
- Is é an nós imeachta atá ann chun dalta a chur ar aghaidh le h-aghaidh measúnaithe na e/i a chur ar aghaidh chuig NEPS no SENO.
- Tá an fhreagracht an dalta a chur ar aghaidh agus cumarsáid a dhéanamh leis an speisialtóir ar an Sealbhóirí Post Curamaíochta sa scoil.

- Is iad na cáipéisí go bhfuil gá leo a bheith bailithe na tástálacha diagnósacha, tástálacha caigdeanaithe agus tuairiscí an mhúinteora ranga agus an mhúinteora feabhas. Déanfaidh an Sealbhóirí Post Curamaíochta comhordú ar seo.
- Déantar na measúnaithe in oifig na scoile.
- Sa chás go bhfuil teorainn leis an méid measúnaithe atá ar fáil ó NEPS , déantar cinntí maidir le tosaíochtaí bunaithe ar mhéid an riachtanais.

### **3.0 Plean Oideachais a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm (do dhaltaí atá ag Céim 3)**

- Is iad na feidhmeanna atá ag an bPlean Oideachais (PO) na go mbeidh plean speisialta leagtha amach bunaithe ar riachtanas an dalta eagsula, curtha le cheile le inchur muinteora, inchur tuismitheora, agus inchur an dalta.
- Beidh an t-eolas seo a leanas le fail ann-
  - Buanna foghlamtha: bunaithe ar bhreathnóireacht an mhúinteora, breathnóireacht tuismitheoirí, breathnóireacht an Cúntóir Riachtanais Speisialta.
  - Riachtanais fhoghlamtha: bunaithe ar thuairisc siceolaí, inchur múinteora, inchur tuismitheora, inchur an dalta.
- Ta structúir comhaontaithe in úsáid ar fud na scoile, ta coip de le feiceail ag deireadh an pholasai seo.
- 'S é an tréimshe ama a bheidh i gceist sa phlean oideachais na an tearma teagaisc.
- Cruinnithe faoi Phlean Oideachais:
  - Beidh an muinteoir achmhainne freagracht as chomhordú an Phlean Oideachais.
  - Beidh na daoine seo a leanas rannpháirteacht in ullmhú an Phlean Oideachais-Tuismitheoirí, Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanais Speisialta, Speisialtóirí Seachtracha.
  - Beidh crunniu eagraithe ag am ata oiriunach do gach duine ata rannpháirteach, chun an plean a phle agus a leagadh amach.
  - Is féidir an dalta a bheith rannpháirteach sa phróiseas tri chuireadh a chur chuige/chuichi a thuairim a thabhairt faoina riachtanas fein agus na deacrachtaí ata aige/aici i rith gnathla scoile. A thuairim a fhail faoi chonas is feidir deighleail leis na deacrachtaí sin.
  - Faigheann an muinteoir tacaíocht foghlamtha coip den phlean agus cuirtear coip eile i bhfilltean an dalta san oifig, ar fail don muinteoir ranga agus don príomhoide.
- Déantar athbhreithniú ag an muinteoir tacaíocht foghlamtha ar dhul chun cinn maidir le spriocanna ag deireadh gach coicise nuair ata plean coicise críochnaithe agus ceann eile ag tosn
- Is e/i an Sealbhóirí Post Curamaíochta ata freagracht as comhairliúcháin leanúnach a dhéanamh le siceolaíthe, SENO, Eile.

#### **4.0 Dáileadh Foirne**

- ❖ Déanann an scoil deimhin de go bhfuil an dáileadh foirne is éifeachtaí déanta chun freastal ar Riachtanais Oideachais Speisialta uile scoile, ag cur san aireamh taithí/saineolas na múinteoirí, múinteoirí páirt-aimsire, múinteoirí nua-cháilithe, Cúntóirí Riachtanais Speisialta.
- ❖ Óibríonn an mhúinteoir tacaíocht foghlamtha agus an múinteoir achmhainne go cóngarach lena mhúinteoirí ranga. Comh-oibríonn na múinteoirí le chéile ( le cheoil, spóirt, drámaíocht) má oireann sé leis agus ma fhreastalaíonn sé ar riachtanna speisialta/deacrachtaí foghlamtha an pháiste.
- ❖ Is e an ról ata ag na Cúntóirí Riachtanais Speisialta na tacu le páistí le riachtanais oideachasúla speisialta tri teoracha an mhúinteora ranga agus an mhúinteora tacaíocht foghlamtha a leanúint.

#### **5.0 Comhairliúcháin agus Cumarsáid**

Ta socraithe i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh do chumarsáid idir gach éinne atá rannpháirteach in oideachas an pháiste, siadsan an príomhoide, tuismitheoirí, múinteoir ranga, Múinteoirí Oideachais Speisialta, Cúntóirí Ranga Speisialta, SENO, siceolaí, foireann an FSS, HSCL.

- ❖ Ta gá le socraithe faoi leith a dhéanamh le h-aghaidh comhairliúcháin foirmiúil uair amhain sa bhliain.
- ❖ Cuirtear am faoi leith ar leataobh i gcomhair na comhairliúcháin sin.
- ❖ Bíonn paisti an ranga scaipthe idir ranganna eile ma bhíonn an múinteoir ranga rannpháirteach sa chomhairliúcháin sin.

#### **6.0 Acmhainní:**

- ❖ Is iad na h-acmhainní atá ar fáil sa scoil na
  - a) PAT Programme
  - b) Neale Analysis of Learning Ability
  - c) Aston Index
  - d) Leabhair 'Stile'
  - e) Sceimeanna Leitheoireachta- Oxford Reading Tree, Funny Phonics, Leapfrogs, Gigglers, Tadpoles.
  - f) Easylearn- Roinnt Leabhair Oibre le fotocoipeail.
- ❖ Ta an múinteoir feabhas freagrach as aimsiú agus ceannach acmhainní breise.

#### **7.0 Aistriú go dtí iarbhunscolaíocht**

- Aistrítear chuig príomhoide an mheánscoil tuairisc an síceolaí sa phost i dtosach mi Meán Fómhair. Lorgáítear cead tuismitheora nuair atá eolas le h-aistriú go dtí an meánscoil.

#### **8.0 Coimeád Cúntas**

- Is iad na tuairiscí a choimeádtar faoi pháistí le Riachtanais Oideachais Speisialta an MIST, MICRA T, SIGMA T, tástálaí diagnosacha, tuairiscí an mhuinteora ranga agus an síceolaí, PO agus pleananna coicíse.
- Beidh teacht ar na tuairiscí sin ag an príomhoide, múinteoir ranga, múinteoir acmhainne, SENO síceolaí, cigire. Nóta : B'fhéidir go mbeadh teacht ar thuairiscí ar bhonn an gá le h-eolas a bheith ag duine, agus sinn ardalach ar cheart an linbh i leith rúndacht
- Stóráiltear iad faoi ghlas in oifig na scoile ar feadh deich mbliana tar eis imeacht an dalta.

## 9.0 Polasaithe Bainteacha

- Is féidir leis an gCód Iompair/Polasaí frith-bhulaíochta riachtanais speisialta a aithint i réimse deacrachtaí iompair agus mothúcháinach.
- Cuireann pleananna agus polasaithe curaclaim agus riaracháin na scoile riachtanais páistí le Riachtanais Oideachais Speisialta san áireamh, m.sh. éagsúlacht ábhair agus modheolaíochta i ngéithe churaclaim.

### Critéir Rathúlachta

Is iad roinnt táscairí praiticiúla do rathúlacht an pholasaí na-

- Uile chuimsitheacht maidir le daltaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta
- Dul chun cinn daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta sa scoil (measúnuithe a léiríonn dul chun cinn)
- Aiseolas ón bhfoireann teagaisc, ón gcúntóir riachtanas speisialta, ó dhaltaí, ó shíceolaithe
- Tuarascáil Cigire, agus araile.

### Rólanna agus Freagrachtaí

Is iad na daoine a bheidh freagrachtaí áirithe orthu as gnéithe den pholasaí na tuismitheoirí, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Síceolaithe, an fhoireann teagaisc.

### Dáta don chur i bhfeidhm

Cuirtear an polasaí i bhfeidhm ar 1/09/09. Rinneadh athbhreithniú air ar 26/11/12.

### Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an pholasaí nua agus, más gá, deantar leasú air ag deireadh na scoilbhliana 2015.



An dáta a dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil.

| <i>Cur Chuige Céimithe chun freastal ar Dhaltaí le Riachtanais Oideachasúla Speisialta</i>  |   |  |
|---|---|--|
| <i>Breathnú</i>   | <i>Próiseas</i>   | <i>Daoine Rannpháirteacha</i>  |
| <p><b>Céim 1</b></p> <p><i>Tá cúis imní ag múinteoir/tuismitheoir maidir le forbairt acadúil, fisiciúil, sóisialta, iompair nó mothúchánach dalta.</i></p>  | <p><i>Déanann an múinteoir ranga céimeanna meastóireachta cuí. Déanann an múinteoir ranga plean amach, leis an aidhm go bhfreastalóidh sé ar riachtanais aitheanta an dalta laistigh de shuíomh ranga príomhshrutha. Déantar rathúlacht an phlean seo a athbhreithniú go rialta i gcomhairle le tuismitheoirí.</i></p>                      | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Tuismitheoir</li> </ul> <hr/> <p><b>Tacaíocht Breise ar Fáil</b></p> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Caidreamh Baile Scoile</li> <li>• Múinteoir</li> <li>• Síceolaí NEPS</li> </ul>  |
| <p><b>Má bhíonn buairt fós ann tar-éis roinnt athbhreithnithe, d'fhéadfaí dul i gcomhairle leis an bhFoireann Tacaíthe don oideachais speisialta sa scoil maidir le h-oiriúint bhogadh ar aghaidh chuig Céim 2.</b></p> |   |  |
| <p><b>Céim 2</b></p> <p><i>Cuirtear an páiste ar aghaidh chuig an múinteoir tacaíochta foghlamtha, le cead an tuismitheora, le h-aghaidh tástáil breise diagnósach.</i></p>   | <p><i>Ma léiríonn an tástáil diagnósach go mbeadh leas ann don pháiste dá bhfreaslódh sé/sí ar mhúinteoireacht breise, eagraítear é. Téann an tuismitheoir, múinteoir ranga, agus an múinteoir tacaíochta foghlamtha i gcomhairle lena chéile chun plean foghlamtha an dalta a dhréachtadh, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.</i></p> | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Múinteoir Tacaíochta Foghlamtha</li> <li>• Tuismitheoir</li> </ul> <hr/> <p><b>Tacaíocht Bhreise ar Fáil</b></p> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Caidreamh Baile Scoile</li> <li>• Múinteoir</li> <li>• Síceolaí NEPS</li> <li>• Foireann agus Seirbhísí tacaíochta eile atá ar fáil don scoil</li> </ul> |
| <p><b>Má bhíonn buairt mór fós ann i ndiaidh roinnt athbhreithnithe, d'fhéadfadh gá a bheith ann le bogadh ar aghaidh chuig Céim 3</b></p>  |   |  |
| <p><b>Céim 3</b></p> <p><i>Déanann an scoil iarratas foirmiúil ar chomhairliúchán, agus, nuair is cuí, ar mheasúnú ar</i></p>   | <p><i>Cuireann an fhoireann atá rannpháirteach plean foghlamtha le céile, ina measc beidh aitheantas acmhainní breise a cheaptar atá riachtanach chun an plean a chur i bhfeidhm. Ba cheart dul i gcomhairle go h-iomlán le tuismitheoirí le linn an phróisis. Ba cheart go mbeadh an plean</i></p>   | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Tuismitheoir</li> <li>• Múinteoir Tacaíochta Foghlamtha</li> <li>• Múinteoir Acmhainní (más ann)</li> <li>• Speisialtóir Ábhartha</li> </ul>   |

|   |  |  |
|---|--|--|
| <p><i>riachtanas ó speisialtóir seachtrach.</i></p> | <p><i>foghlamtha seo faoi riar ag athbhreithnithe rialta, agus athraithe cúí déanta ar an bplean mar thoradh orthu, agus cur ar aghaidh d'athbhreithniú speisialta nuair is gá.</i></p> <p><i>Ba cheart go mbeadh aird aon chleachtóir príobháideach atá fostaithe ag an scoil dírithe ar Imlitreacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus treoir-nótaí ábhartha.</i></p> | <hr/> <p><b>Tacaíocht Breise ar Fáil</b></p> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Síceolaíocht NEPS</li> <li>• Scéim chun Measúnaithe Síceolaíochta a Coimisiúnú.</li> <li>• Teiripí Urlabhra agus Teanga</li> <li>• Teiripí Saothair</li> <li>• Síceatraí</li> <li>• Éisteolaí</li> <li>• Péidiatraí</li> </ul> |
|---|--|--|